SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

# Maoiniú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin

## Leithdháiltí Maoinithe 2024, Tráinse 2

ciste na gcuntas díomhaoin
the dormant accounts fund

SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

ciste na gcuntas díomhaoin
the dormant accounts fund

# €5.97m Infheistíocht iomlán ó Chuntais Dhíomhaoine Spórt Éireann, Tráinse 2, 2024

Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú
**€1.5m**

Tacaíocht Chaipitil Mhíchumais
**€1.2m**

Tacaíochtaí d'Oibrithe Deonacha
**€1m**

Cláir Mhíchumais
**€475k**

Tionscnaimh 'Get Ireland'
**€575k**

Oiliúint agus Oideachas Míchumais
**€255k**

Moil Phobail Spóirt agus Gníomhaíochta Coirp
**€210k**

Her Moves
**€200k**

Éirigh Gníomhach in Éirinn
**€150k**

An Clár Nuálaíochta Spóirt do Dhéagóirí
**€100k**

SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

ciste na gcuntas díomhaoin
the dormant accounts fund

## Clár na nÁbhar

LEATHANACH


**Tionscadail Sheachtracha**

| | |
|---|---|
| Ciste Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe na gCoistí Náisiúnta Rialaithe | 4 |
| Oiliúint agus Oideachas Míchumais | 5 |
| Tacaíocht Chaipitil Mhíchumais | 6 |
| Cláir Mhíchumais | 7 |
| Tionscadail Get Ireland | 8 |
| Tacaíochtaí d'Oibrithe Deonacha | 9 |
| Her Moves | 10 |
| An Clár Nuálaíochta Spóirt do Dhéagóirí | 10 |
| Moil Phobail Spóirt agus Gníomhaíochta Coirp na gCoistí Náisiúnta Rialaithe | 11 |

**Tionscadail Inmheánacha**

| | |
|---|---|
| Éirigh Gníomhach in Éirinn | 11 |

# Tionscadail Sheachtracha

## Ciste Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe na gCoistí Náisiúnta Rialaithe

Is é is aidhm don chiste seo tacaíocht a thabhairt do choistí náisiúnta rialaithe (NGBanna) tionscadail a chur i gcrích a bheidh dírithe ar na bacainní agus na dúshláin atá roimh an rannpháirtíocht a shárú, i gcás daoine i bpobail éagsúla, beag beann ar chúlra socheacnamaíoch, inscne, míchumas, gnéaschlaonadh nó eitneacht.

Beidh gach tionscnamh a fuair maoiniú ag tacú le ceann amháin ar a laghad de na cúig phríomhcholún atá i mBeartas Spórt Éireann um an Éagsúlacht agus Ionchuimsiú sa Spórt:
- Athrú
- Cumarsáid
- Rochtain
- Acmhainneacht
- Ceannaireacht

Fágann an ciste seo go mbeidh coistí náisiúnta rialaithe in ann forbairt a dhéanamh ar thionscadail agus ar thionscnaimh oiriúnacha ar éirigh go sásúil leo roimhe seo. Chomh maith leis sin, mar chuid den chiste seo táthar ag féachaint le forbairt a dhéanamh ar an gcumas agus ar na scileanna atá le fáil i saol an spóirt ó thaobh na hionchuimsitheachta de.

| An Foras a fuair Maoiniú | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| Aontas Canúála na hÉireann | €60,000 |
| Aontas Gailf na hÉireann | €65,000 |
| Cluichí Gaelacha* | €100,000 |
| Comhairle na hÉireann do na Cluichí Oilimpeacha Speisialta | €65,000 |
| Comhairle Slatiascaireachta na hÉireann | €20,000 |
| Comhairle Sléibhteoireachta na hÉireann | €55,000 |
| Cruicéad Éireann | €60,000 |
| Cumann Badmantain na hÉireann | €60,000 |
| Cumann Billéardaí agus Snúcair na hÉireann | €10,000 |
| Cumann Boghdóireachta na hÉireann | €20,000 |
| Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (Spórt) | €65,000 |
| Cumann Cispheile na hÉireann | €60,000 |
| Cumann Dornálaíochta Lúthchleasaíochta na hÉireann | €65,000 |
| Cumann Eitpheile na hÉireann | €60,000 |
| Cumann Gleacaíochta na hÉireann | €65,000 |
| Cumann Haca na hÉireann | €45,000 |
| Cumann Leadóg Bhoird na hÉireann | €25,000 |
| Cumann Leadóige na hÉireann | €40,000 |
| Cumann Peile na hÉireann | €50,000 |
| Cumann Rugbaí na hÉireann | €65,000 |
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann | €65,000 |
| Cumann Tógála Meáchan na hÉireann | €5,000 |
| Cumann Treodóireachta na hÉireann | €30,000 |
| Liathróid Láimhe Oilimpeach Éireann | €55,000 |
| Rámhaíocht Éireann | €60,000 |
| Scuais Éireann | €55,000 |
| Spóirt na mBodhar, Éire | €5,000 |
| Spóirt Radhairc na hÉireann | €65,000 |
| Teilgean agus Amas Éireann | €40,000 |
| Trí-Atlan Éireann | €40,000 |
| Tumadóireacht Éireann | €25,000 |

*Leanfaidh Spórt Éireann air ag cur maoiniú comhdhlúite ar fáil chun tacú le réimse tionscadail neamhspleácha agus comhoibríocha laistigh den CLG féin, i gCumann Pheil na mBan, sa Chumann Camógaíochta agus i gCumann Liathróide Láimhe CLG na hÉireann. Cuirfear an maoiniú ar fad chuig CLG le go mbeidh siadsan in ann é a leithdháileadh agus a thabhairt amach do na chumainn faoi seach.

## Oiliúint agus Oideachas Míchumais

Tá sé mar aidhm ag an gciste Oiliúna & Oideachais do Dhaoine faoi Mhíchumas cur le hacmhainneacht agus le hionchuimsitheacht an spóirt agus na gníomhaíochta coirp trí dheiseanna oiliúna agus oideachais spriocdhírithe a sholáthar. Díríonn an ciste seo isteach ar dhá phríomhghrúpa:

1. Foghlaimeoirí faoi mhíchumas atá ag iarraidh páirt níos iomláine a ghlacadh sa spórt agus i ngníomhaíocht choirp.
2. Daoine a oibríonn go díreach le daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear teagascóirí, ceannairí, oibrithe deonacha, agus cóitseálaithe, a bhfuil ról lárnach acu maidir le spórt agus gníomhaíocht choirp ionchuimsitheach a sheachadadh ina bpobail.

Trí dhaoine aonair agus eagraíochtaí a chumasú leis na scileanna agus an eolas chun tacú le hionchuimsiú míchumais sa spórt, cuireann an ciste seo le rogha spóirt níos inrochtana agus níos cothroime a chur ar fáil ar fud na hÉireann.




| An Foras a fuair Maoiniú | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| Aontas Canúála na hÉireann | €15,000 |
| Cluichí Gaelacha* | €30,000 |
| Comhairle na hÉireann do na Cluichí Oilimpeacha Speisialta | €15,000 |
| Cruicéad Éireann | €15,000 |
| Cumann Boghdóireachta na hÉireann | €7,500 |
| Cumann Dornálaíochta Lúthchleasaíochta na hÉireann | €12,500 |
| Cumann Gleacaíochta na hÉireann | €15,000 |
| Cumann Leadóige na hÉireann | €15,000 |
| Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann | €15,000 |
| Cumann Peile na hÉireann | €15,000 |
| Cumann Rugbaí na hÉireann | €15,000 |
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann | €10,000 |
| Cumann Snámha na hÉireann | €12,000 |
| Cumann Surfála na hÉireann | €3,000 |
| Na Cluichí Pobail Náisiúnta | €10,000 |
| Rámhaíocht Éireann | €10,000 |
| Rothaíocht Éireann | €10,000 |
| Sléibhteoireacht Éireann | €5,000 |
| Spóirt Radhairc na hÉireann | €15,000 |
| Teilgean agus Amas Éireann | €10,000 |

*Leanfaidh Spórt Éireann air ag cur maoiniú comhdhlúite ar fáil chun tacú le réimse tionscadail neamhspleácha agus comhoibríocha laistigh den CLG féin, i gCumann Pheil na mBan, sa Chumann Camógaíochta agus i gCumann Liathróide Láimhe CLG na hÉireann. Cuirfear an maoiniú ar fad chuig CLG le go mbeidh siadsan in ann é a leithdháileadh agus a thabhairt amach do na chumainn faoi seach.

## Tacaíocht Chaipitil Mhíchumais

Tá sé mar aidhm ag ciste an tionscadail um Tacaíocht Chaipitil Mhíchumais na bacainní ar rannpháirtíocht sa spórt a laghdú do dhaoine faoi mhíchumas trí sholáthar trealaimh agus mionbhonneagair riachtanaigh a chistiú. Tacaíonn an ciste seo le raon trealaimh agus bonneagair atá dírithe ar dhaoine atá faoi mhíchumas a cheannach, lena n-áirítear ardaitheoirí, ráillí láimhe, trealamh spóirt ionchuimsitheach, agus tacaíonn sé le cur i bhfeidhm Bheartas Spórt Éireann um Rannpháirtíocht Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt.



| An Foras a fuair Maoiniú | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| Aontas Gailf na hÉireann | €55,000 |
| Bollaí Éireann | €25,000 |
| Cluichí Gaelacha* | €100,000 |
| Comhairle Slatiascaireachta na hÉireann | €15,000 |
| Comhairle Sléibhteoireachta na hÉireann | €25,000 |
| Cruicéad Éireann | €50,000 |
| Cumann Badmantain na hÉireann | €55,000 |
| Cumann Billéardaí agus Snúcair na hÉireann | €25,000 |
| Cumann Boghdóireachta na hÉireann | €45,000 |
| Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (Spórt) | €100,000 |
| Cumann Cispheile na hÉireann | €55,000 |
| Cumann Dornálaíochta Lúthchleasaíochta na hÉireann | €40,000 |
| Cumann Gleacaíochta na hÉireann | €52,000 |
| Cumann Haca na hÉireann | €50,000 |
| Cumann Leadóige na hÉireann | €40,000 |
| Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann | €55,000 |
| Cumann Peile na hÉireann | €70,000 |
| Cumann Rugbaí na hÉireann | €70,000 |
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann | €50,000 |
| Cumann Snámha na hÉireann | €45,000 |
| Rámhaíocht Éireann | €60,000 |
| Rothaíocht Éireann | €40,000 |
| Spóirt Radhairc na hÉireann | €100,000 |
| Teilgean agus Amas Éireann | €13,000 |

*Leanfaidh Spórt Éireann air ag cur maoiniú comhdhlúite ar fáil chun tacú le réimse tionscadail neamhspleácha agus comhoibríocha laistigh den CLG féin, i gCumann Pheil na mBan, sa Chumann Camógaíochta agus i gCumann Liathróide Láimhe CLG na hÉireann. Cuirfear an maoiniú ar fad chuig CLG le go mbeidh siadsan in ann é a leithdháileadh agus a thabhairt amach do na chumainn faoi seach.

## Cláir Mhíchumais

Tacaíonn Ciste na gClár Míchumais le forbairt clár atá deartha chun cabhrú le daoine atá faoi mhíchumas a bheith rannpháirteach sa spórt agus i ngníomhaíocht choirp, ag díriú ar an ionchuimsiú a chur chun cinn, acmhainn a thógáil, agus tacú le rannpháirtíocht níos mó.

Bhí gach tionscnamh ar éirigh leis maoiniú a fháil ag teacht le Beartas Spórt Éireann um Rannpháirtíocht Daoine faoi Mhíchumas sa Spórt agus bhí sé mar aidhm ag na tionscnaimh sin dul i ngleic leis na bacainní ar rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp i measc daoine faoi mhíchumas.



| An Foras a fuair Maoiniú | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| Aontas Canúála na hÉireann | €35,000 |
| Aontas Gailf na hÉireann | €35,000 |
| Bollaí Éireann | €5,000 |
| Cluichí Gaelacha* | €70,000 |
| Comhairle na hÉireann do na Cluichí Oilimpeacha Speisialta | €60,000 |
| Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (Spórt) | €60,000 |
| Cumann Cispheile na hÉireann | €18,000 |
| Cumann Dornálaíochta Lúthchleasaíochta na hÉireann | €30,000 |
| Cumann Eitpheile na hÉireann | €40,000 |
| Cumann Gleacaíochta na hÉireann | €35,000 |
| Cumann Haca na hÉireann | €29,000 |
| Cumann Leadóige na hÉireann | €50,000 |
| Cumann Peile na hÉireann | €60,000 |
| Cumann Rugbaí na hÉireann | €35,000 |
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann | €35,000 |
| Cumann Snámha na hÉireann | €40,000 |
| Cumann Surfála na hÉireann | €14,000 |
| Cumann Treodóireachta na hÉireann | €4,000 |
| Galf Dhá Mhaide Éireann | €30,000 |
| Spóirt Radhairc na hÉireann | €60,000 |

*Leanfaidh Spórt Éireann air ag cur maoiniú comhdhlúite ar fáil chun tacú le réimse tionscadail neamhspleácha agus comhoibríocha laistigh den CLG féin, i gCumann Pheil na mBan, sa Chumann Camógaíochta agus i gCumann Liathróide Láimhe CLG na hÉireann. Cuirfear an maoiniú ar fad chuig CLG le go mbeidh siadsan in ann é a leithdháileadh agus a thabhairt amach do na chumainn faoi seach.

## Bímis ag Rith/ag Rothaíocht/ag Snámh/ag Siúl in Éirinn (Get Ireland)

Tá na Tionscadail 'Get Ireland' ag teacht le Gníomhartha 43 agus 45 den Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Choirp, a dhíríonn ar ghníomhaíocht choirp a chur chun cinn ar fud phobail éagsúla agus ar rannpháirtíocht i spóirt ar leith a fheabhsú.

- Díríonn Gníomh 43 ar *"Chlár Siúil na bPobal Gníomhach a chur i bhfeidhm i ngach Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt agus tacaíocht a thabhairt do bhreis agus 500 grúpa siúil nua i bpobail ghníomhacha ar fud na tíre mar chuid den tionscnamh Bímis ag Siúl in Éirinn."*
- Díríonn Gníomh 45 ar *"tionscnaimh nua Bímis ag Rith in Éirinn, Bímis ag Rothaíocht in Éirinn agus Bímis ag Snámh in Éirinn a fhorbairt le cultúr gníomhaíochta coirp ar mhaithe leis an tsláinte a fhorbairt in Éirinn."*

Thacaigh Cistiú na gCuntas Díomhaoin leis na cláir seo ó 2016 go 2023, agus cumasóidh maoiniú 2024 fás agus leathnú leanúnach na dtionscnamh seo i gcaitheamh 2024 agus 2025.

Tacaíonn na leithdháiltí seo le Gníomh 5 den Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027, a thugann tosaíocht do spóirt amhail an snámh, an rothaíocht agus an rith chun leibhéil níos airde de rannpháirtíocht ghníomhach a chothú ag gach tráth den saol.

In 2024, dírítear ar rannpháirtíocht a dhoimhniú agus ar raon na gclár ríthábhachtach seo a leathnú chun gníomhaíocht fhisiciúil leanúnach a chinntiú ar fud phobail na tíre.

| An Foras a fuair Maoiniú | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| Comhairle Sléibhteoireachta na hÉireann | €125,000 |
| Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann | €150,000 |
| Cumann Snámha na hÉireann | €150,000 |
| Rothaíocht Éireann | €150,000 |



## Tacaíochtaí d'Oibrithe Deonacha

Ag teacht le Beartas Spórt Éireann um Obair Dheonach sa Spórt, tá sé mar aidhm ag an gciste seo líon, tacar scileanna agus éagsúlacht na n-oibrithe deonacha laistigh de spórt na hÉireann a mhéadú.

Tá an sruth maoinithe seo deartha chun rannpháirtíocht oibrithe deonacha agus daoine faoi mhíchumas a fheabhsú laistigh de phobail nach ndéantar freastal ceart orthu, ag cothú timpeallachtaí spóirt níos ionchuimsithí. Tá sé mar aidhm aige éagsúlacht na n-oibrithe deonacha a mhéadú, agus tá sé dírithe ach go háirithe ar ghrúpaí tearcionadaithe amhail mná, mionlaigh eitneacha, iarrthóirí tearmainn, dídeanaithe, agus ar dhaoine faoi mhíchumas, ag cinntiú go bhfuil oibrithe deonacha in ann tacú leis na pobail seo sa spórt agus i ngníomhaíochtaí coirp.

I measc na dtorthaí a bhfuiltear ag súil leo, tá líon agus éagsúlacht níos mó oibrithe deonacha, feabhas ar cháilíocht oibrithe deonacha, agus deiseanna níos fearr a chruthú le haghaidh rannpháirtíochta sa spórt, go háirithe ag leibhéal an phobail.

| An Foras a fuair Maoiniú | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| Cumann Boghdóireachta na hÉireann | €11,000 |
| Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann | €45,000 |
| Cumann Badmantain na hÉireann | €50,000 |
| Cumann Cispheile na hÉireann | €50,000 |
| Aontas Canúála na hÉireann | €50,000 |
| Cruicéad Éireann | €40,000 |
| Rothaíocht Éireann | €40,000 |
| Spóirt na mBodhar, Éire | €10,000 |
| Cluichí Gaelacha | €70,000 |
| Aontas Gailf na hÉireann | €25,000 |
| Cumann Haca na hÉireann | €30,000 |
| Cumann Dornálaíochta Lúthchleasaíochta na hÉireann € | 40,000 |
| Cumann Rugbaí na hÉireann | €50,000 |
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann | €50,000 |
| Cumann Surfála na hÉireann | €10,000 |
| Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (Spórt) | €55,000 |
| Comhairle Sléibhteoireachta na hÉireann | €30,000 |
| Na Cluichí Pobail Náisiúnta | €50,000 |
| Liathróid Láimhe Oilimpeach Éireann € | 10,000 |
| ONAKAI | €10,000 |
| Cumann Treodóireachta na hÉireann | €4,000 |
| Galf Dhá Mhaide Éireann | €30,000 |
| Rámhaíocht Éireann | €40,000 |
| Cumann Billéardaí agus Snúcair na hÉireann | €10,000 |
| Comhairle na hÉireann do na Cluichí Oilimpeacha Speisialta | €55,000 |
| Cumann Snámha na hÉireann | €30,000 |
| Cumann Leadóige na hÉireann | €25,000 |
| Trí-Atlan Éireann | €30,000 |
| Cumann Eitpheile na hÉireann | €50,000 |

*Leanfaidh Spórt Éireann air ag cur maoiniú comhdhlúite ar fáil chun tacú le réimse tionscadail neamhspleácha agus comhoibríocha laistigh den CLG féin, i gCumann Pheil na mBan, sa Chumann Camógaíochta agus i gCumann Liathróide Láimhe CLG na hÉireann. Cuirfear an maoiniú ar fad chuig CLG le go mbeidh siadsan in ann é a leithdháileadh agus a thabhairt amach do na chumainn faoi seach.

## Her Moves

Tá sé mar aidhm ag Her Moves cailíní sna déaga a spreagadh le bheith gníomhach. Is é atá i gceist leis an bhfeachtas an chumhacht a thabhairt do gach bean óg, muinín a chothú agus an spreagadh a thabhairt le go mbeidh siad gníomhach.

Tá Ciste Chlár Her Moves dírithe ar thacú le forbairt agus tástáil clár agus tionscnamh a fhéachann leis na rátaí fágála spóirt agus gníomhaíochta coirp a laghdú i measc cailíní sna déaga.

| An Foras a fuair Maoiniú | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| Aontas Canúála na hÉireann | €10,000 |
| Cluichí Gaelacha* | €25,000 |
| Comhairle Sléibhteoireachta na hÉireann | €15,000 |
| Cruicéad Éireann | €15,0000 |
| Cumann Badmantain na hÉireann | €15,000 |
| Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (Spórt) | €15,000 |
| Cumann Cispheile na hÉireann | €15,000 |
| Cumann Eitpheile na hÉireann | €5,000 |
| Cumann Haca na hÉireann | €10,000 |
| Cumann Leadóg Bhoird na hÉireann | €10,000 |
| Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann | €15,000 |
| Cumann Snámha na hÉireann | €10,000 |
| Galf Dhá Mhaide Éireann | €10,000 |
| Irish Judo | €5,000 |
| ONAKAI | €10,000 |
| Scuais Éireann | €10,000 |
| Trí-Atlan Éireann | €5,000 |

## An Clár Nuálaíochta Spóirt do Dhéagóirí

Féachann an Clár Nuálaíochta Spóirt do Dhéagóirí le smaointe nuálacha a chur chun cinn chun déagóirí a choinneáil páirteach sa spórt, go háirithe agus iad sa tsraith shinsearach den mheánscoil agus ina luath-aosacht.

Tá sé mar aidhm ag tionscnaimh ar éirigh leo maoiniú a fháil a gcuid roghanna spóirt a dhéanamh níos inrochtana, níos suimiúla agus níos tarraingtí do dhéagóirí nua-aimseartha a bhfuil fios a ngnó acu I leith na teicneolaíochta de ach atá gann ar am agus faoi bhrú ar scoil agus lasmuigh den scoil.

| An Foras a fuair Maoiniú | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| Aontas Canúála na hÉireann | €18,000 |
| Cluichí Gaelacha* | €19,500 |
| Cumann Badmantain na hÉireann | €18,500 |
| Cumann Dornálaíochta Lúthchleasaíochta na hÉireann | €10,000 |
| Cumann Haca na hÉireann | €14,000 |
| Cumann Leadóg Bhoird na hÉireann | €5,000 |
| Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann | €5,000 |
| Trí-Atlan Éireann | €10,000 |



*Leanfaidh Spórt Éireann air ag cur maoiniú comhdhlúite ar fáil chun tacú le réimse tionscadail neamhspleácha agus comhoibríocha laistigh den CLG féin, i gCumann Pheil na mBan, sa Chumann Camógaíochta agus i gCumann Liathróide Láimhe CLG na hÉireann. Cuirfear an maoiniú ar fad chuig CLG le go mbeidh siadsan in ann é a leithdháileadh agus a thabhairt amach do na chumainn faoi seach.

## Moil Phobail Spóirt agus Gníomhaíochta Coirp na mBord Rialaithe Náisiúnta

Dearadh na Moil Spóirt & Ghníomhaíochta Coirp Phobail (Hubs) chun pobail áitiúla a thabhairt le chéile agus lárionad tacaíochta a sholáthar do chlubanna agus d'eagraíochtaí spóirt. Cuireann na Moil seo eolas, comhairle agus tacaíocht ar fáil maidir le gníomhaíochtaí na mBord Rialaithe Náisiúnta chun rannpháirtíocht níos mó sa spórt agus i ngníomhaíocht choirp a spreagadh, go háirithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste.

Bíonn gach Mol curtha in oiriúint dá phobal féin ach feidhmíonn sé faoi bhun roinnt bunphrionsabal, amhail rannpháirtíocht a mhéadú, dul i ngleic le pobail áitiúla, ceannaireacht a chur chun cinn, agus raon deiseanna spóirt a thairiscint.

| An Foras a fuair Maoiniú | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| Cruicéad Éireann | €52,500 |
| Cumann Badmantain na hÉireann | €52,500 |
| Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann | €52,500 |
| Cumann Seoltóireachta na hÉireann | €52,500 |

# Tionscadail Inmheánacha

## Éirigh Gníomhach in Éirinn

Láithreán gréasáin poiblí ar líne agus mol le haghaidh páirtithe leasmhara is ea Éirigh Gníomhach in Éirinn. Tá eolas cuimsitheach ann ar gach áis spóirt agus áineasa in Éirinn. Aithnítear gur tionscadal tábhachtach náisiúnta é Éirigh Gníomhach in Éirinn ina bhféachfar le leibhéil den ghníomhaíocht coirp a mhéadú agus trína ndéanfar pleanáil, maoiniú agus bainistiú áiseanna spóirt agus áineasa in Éirinn a fheabhsú. Ar a bharr sin, déanfaidh an tionscadal éascaíocht ar bheartais náisiúnta go leor a bhainfeadh le spórt, sláinte, sonraí agus forbairt náisiúnta. Agus an láithreán gréasáin seolta anois, tá tús curtha leis an obair chun aip a fhorbairt dóibh siúd a úsáideann gléas soghluaiste, na córais a aistriú go Gaeilge agus feachtas fairsing náisiúnta cumarsáide a chur i ngníomh.

| Tionscadal | Suim Iomlán a Bronnadh |
|---|---|
| Éirigh Gníomhach in Éirinn | €150,000 |



SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

ciste na
gcuntas díomhaoin
the dormant
accounts fund

www.sportireland.ie